LITIR SHASANA.

Ag Breaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

DIA DOMHNACH 4-4-1960.

Céard a bheudh ag na fir dubha ar maidin inniu amach chuig an obair leo ach radio beag agus d'aimsigh siad ceol beannuí air i dtrátha an céad shasa agus b'shiúd leo ag canadh na h-amhráin Diaga le lán dúthracht chroí—'gus ag cur buidéal Rum thart ar a chéile san am gcéadhna! Chuaigh an fo-ganger, an súdaire, ag amhránaíocht leo gur mheall bholgam den rum uatha. Is deas, neamh-urchóideach an dream iad gan aimhreas agus is mór an ádhbhar bhróid dhom féin gur láí 'gus gur muinteara leo muide ná a bhfuil annseo de Shasannaigh. Ní aithneóchá ar an t-Inspector sin a theaganns annseo scaití, nach iad a chuid sclábhuithe iad 'caoi a mbíonn sé ag fuagairt ortha agus ag túirt droch íde béil dhóibh. Ach bíodh is go bhfuil siad somhúinte go maith níl a dhath fhaitíos orthu roimhe, ná roimh aon fhear geal eile, déarfainn, agus ní mó ná go gceileann siad a ngráin ar an tInspector. Cuireann siad ar buile ceart é nuair a thosuíonn siad ag labhairt fada ina 'bpatois' féin. Abruíonn duine acu rud eicínt greannúir faoi agus scairteann siad uilig amach ag gáire agus sin é an uair a mbíonn an buc eile le ceangailt. Tá riar mhaith de na Sasanaigh mar sin, dár m'anam, cé go mbeitheá ag súil le níos fearr uatha, agus tá androch mheas acu ar na feara dubha. "Nig-nogs" agus "wogs" a thuganns siad orthu. Ar ndó tá go leor acu thart annseo 'sna Midlands agus ní lú é a ngráin ar na hEireannaigh dá leigfeadh an eagla dhóibh é nochtadh. Is minic a bhíos fhéin ag cainnt le Sasanach, fear nó bean, agus d'fhiafruidís díom a mba as an mBreatain Bhig mé. Nuair a deirinn leo nárbh ea, ach as Eire, theagfadh iarracht de chotadh orthu agus deiridís mar seo: "Oh, well, I mean, there's good and bad in every country," amhail agus dá mbeudh dabht ar bith faoi sin. "He's a very nice chap for an Irishman," abairt choitcianta eile a chloisfeá uatha. Diabhal mórán neart acu ar bhealach air mar gur tóigeadh mar sin iad—h-innsíodh dhóibh nach rabh 'sna Gaeil ach mar bheudh leath-amhuis ann. Agus ár ndó mo léan, ní a bhréagnú a dheineanns na Gaeil, cuid acu, nuair a theagann siad anall annseo. Feicfidh tú istigh 'sna tithe óil iad san oíche ina shean fheis-teas oibre is gan a lámha nithte acu fiu, ná a dhinnéar ite, agus 'chuile sheans gur ag troid a bhéas siad roimh deire na h-oíche. Cé'n brí ach ní bhíonn a leath sin fhonn troda sa mbaile orthu hébrí cé'n fáth. Bhí muid sách cruaógach inniu ag "pacáil" faoi na trasnáin. Luaithre a bhí againn le chur fútha in ionad chlocha agus is gearr a bhí muid ag déanamh ar shiúl le lán cúig bhaigíní de. 'Sé chaoi fhaightear leibhéal an ráille le deiseannaí a dtugtar "T rods" nó "Boning Rods" orthu agus ansin árduítear an ráille (más gá é) le seaic (jack) agus cartar an ballast —luaithre nó clocha — isteach faoi na trasnáin le iad a choinneáil suas. Rinne muid faoid naoi mhíle de'n obair seo cheana nuair a bhí muid i mbuíon Tom Durcan agus mar sin bhí mé fhéin cleachtuí go maith ar an obair; ach bhí cuid acu a bhí dall go leor air agus thóg sé abhfad orthu aon ritim oibre ceart a aimsiú. Is fir iad seo, den gcuid is mó, a bhí ag obair ar an Mótar-Bhealach a rinne Laing anuraidh, nó ar oibreachaí bhildéalacha eile, agus tá go leor le foghluim fós acu i dtaoibh na h-oibre seo. Teach pobail N. Eoin ag cur thar mhaoil arís anocht.

DIA MAIRT, 12-4-1960.

Seo iad laetheanntaí an tshean bhó gan aimhreas — síon, fuacht agus báisteach. Muid ciaptha ag an ndiabhal de ghaoth anoir sin ó Dhia Dhomhnach seo chaithte agus gan a dhath chosúlacht fós air bheith ag laghdú. Thosuigh bodach mór mill-teach d'fhear annseo inné, fear a bhfuil éadan Eireannaigh air agus canúint Conndae Durham, agus meas tú nár iarr sé ar Mr. Gamble (an tAgent) inniu, ceannas na buíne seo a thúirt dó agus go gcríochnódh sé an obair seo dhá mhí níos túisce ná ganger ar bith eile! Ba Gaolach an ceann é, níl baol ar bith nárbh ea, ag iarraidh an fear eile a chur as mar sin agus a job a bhaint do, ach 'fair play' do Gamble, níor thug sé sásamh ar bith don fhear mór. Théis bheith ina ganger ar contract eile den tsórt seo le trí bhliana, thuas i dTuaisceart Shasana, a bhí mo dhuine agus níl tada níos siúireáilte ná go mbainfeadh sé níos mó alluis asainn ná mar tá an fear seo againn féin dá dhéanamh. Ach nach beag suim a bhí aige in greim a mbéul a bhaint de na daoine mar sin tré críoch a chur leis an job abhfad é roimh am? Ní túisce fuair muid amach céard a bhí déanta aige ná b'shiúd linn ag magadh faoi, agus thug Patsy beag óráid uaidh cáineadh a bhfuil i Sasana de "Culchies" mhóra ainbhfiosacha 'bhíos a dhul thart ag 'milleadh na tíre' tré bheith ag déanamh seacht n-oiread oibre le dream ar bith eile. Thosuigh dríothár Phatsy ar sort "running commentary" annsin: "And now there's been another bid for power from the West of Ireland" ar seisean, "but this take-over bid seems to be temporarily resisted. I must warn you however, not to relax for a moment as these power - hungry Connaughtmen threaten your freedom and concessions. In the event of a successful take over, tea breaks will be shorter, work will be harder and quite large numbers of the less active among you will receive your walking papers each Friday. So prepare to resist all potential Dictators!"

Is dóí go mbeudh an dearg ghráin ar fad againn ar an mbuachaill dá nglacfadh sé olc mar gheall ar an magadh seo ach deamhan blas ar bith a rinne sé ach tosú ag gáire, go taithneamhach, agus ar seisean, "Ah, well, you conny blame a man for tryin'."

Mhaith muid go leor dó annsin, agus, leis a cheart fhéin a thúirt dó, chaithfeá admháil nach le teann uile a d'iarr sé an job ach d'fhonn an obair fheiceáil dhá dhéanamh níos scioptha agus níos paiteannta. De réir mar bhreáthnuíonn a leithéide sin air, sé an obair an rud is mó a comhruíonns agus ní bheidh siad sásta mura bhfeichfidh siad an job a dhul ar aghaidh go mear. An rud a ba cheart dó a dhéanamh ná a dhul ar cheann de na jobannaí príomháideacha údan mar a mbíonn géar-gá le rúpáil agus rúsgadh le'n a chríochnú go lua. Tá fhios ag an lá go bhfuil cuid den obair seo sách throm is gan a bheith ag iarraidh é bhrostú a thuille. As Gaillimh an fhear údan, dála an scéil, ach chaithfeadh sé go bhfuil sé abhfus annseo ó bhí sé an-óg agus canúint an Geordie a bheith tógtha có maith sin aige.

Os ag caint ar canúintí é, tugaim faoi deara nach mbíonn leath an oiread acu ag cur canúintí Sasanacha orthu fhéin agus mar a bhíodh aimsear an chogaidh nuair a chloisfeá iad, théis teacht abhaile as Shasana dhóibh, ag cur tuin Coventry no Birmingham ar a gcuid cainnte. Ach an méid acu go mbíonn an chanúint seo orthu, is daoine iad de ghnáth nach bhfuil abhfad teagtha anall as Eire. Tá na mílte Eireannaigh annseo i Sasana nach bhfaca an baile le breis agus scór bliain ach ní aithneóchá orthu gur fhága siad an áit thiar ariamh, le bheith ag éisteach leo ag caint. 'Sé comh-artha an amadáin é canúint thíre eile a chleachtadh agus níl fhios agam nach fíor do Jerry beag sin as Dún na nGall, gur údar chochadóra a thréigfeadh a chanúint fhéin ar canúint an strainséara.

Dónall Mac Amhlaigh.

Ára Ṁór

Tá obair an earraiġ ċun tos-aiġ go maiṫ ar an an oileán agus an ṁóin bainte ag an ċuid is mó de na feirmeoirí. Ḃí an aimsir go breá foirstíneaċ fána ċoinne.

An tseaċtain seo caite, bí Eoin Mac Cnáiṁsí, duine de ḟoireann an "Stabet Mater" imiṫe ag iascaireaċt ċan báiġ ṫiar, taoḃ amuiġ de Ailt an Ċorráin, agus ċaill sé scian póca. An tseaċtain seo, ḃí an tráiléar amuiġ ag iascaireaċt san áit céanna, agus nuair a glanaḋ ceann de na h-éisc haddac dá dtugaiḋ isteaċ, goidé fuair siad istiġ ann aċ an scian póca céanna.

Ḃí crann tógála a ḃí ina ṁarc ag an sean stáisiún iarannróid ag Ailt an Ċorráin, le h-úsáid arís. Táṫar le ḃaint as a ċéile le é ṫaḃairt treasna go hÁrainn Ṁór, áit a gcuirfear suas arís é, ag an ċé úr ag an Staca Mór. Tá an ċé seo ag dul ar aġaiḋ go maiṫ, agus meastar naċ ró ḟada go mbeiḋ sé réiḋ le h-úsáid agus naċ mbeiḋ fiaċaḋ ar biṫ ar ḋaoine a ḃeiṫ ag coinneáil súil ar goidé mar tá an lánmara sula dtiġ leo báḋaí móra a ṫaḃairt isteaċ go hÁrainn.

Tá Roinn na Gaeltaċta ag taḃairt deontas breise de £2,800 fá ċoinne obair breise ag Staca Mór, ar ċoinníoll go nglacann an Comairle Condae as láiṁ na hoibreaċa a ċoṫaḃáil nuair a ḃíonn siad críoċnaiṫe. Ṡocraiġ an Comairle Condae go ndéanfaḋ siad seo.

Scoil Ṁic Daeid

Ḃeiḋ an scrúdú iontrála do Scoil Ṁic Daeid ar na Gleanntaí ann seaċtain ón Saṫarn seo ċugainn, ar an 22ú Ḃealtaine, 1965. Ḃéarfar amaċ scoláireaċtaí de ḃárr an scrúdú seo, ar a mbeiḋ costas freastal ar an scoil.

Muire Máṫair Dé – Máṫair na Eaglaise

Tá mí na Bealtaine — mí na Maiġdine Muire buailte linn agus deaḃóid speisialta in gaċ teampall á h-onórú. An t-am seo de ḃliain bíonn sé níos fusa smaointiú ar Ṁuire agus ar na teidil omóis a tugtar dí ó ḃliain go bliain agus ó aois go haois.

Naċ fóirstineaċ amaċ an teideal is déanaí a ḃronn a Naofaċt an Pápa Pól ar Ṁuire anuraiḋ agus é ag ċur críoċ leis an tríú seisiúin den Comairle Uile-Ċoitċeann. Agus de réir ċuma ṫáiniġ sé gan ċoinne ón Ṗápa — dalta mar ṫáiniġ inspiorad na Comairle ar dtús ċuiġ an Pápa Eoin. Ḃíonn uair na grásta ann.

Is cosúil go raiḃ cuid ṁaiṫ de Aiṫreaċa na Comairle i ḃfáṫaċ ⁊ i ḃfaḃar le scríḃinn fé leiṫ ar Ṁuire; agus an ċuid eile aca ag **iarraiḋ Muire agus an Eaglais** a ċuir sa scríḃinn céanna. I mí Ḋeire Fóṁair ḃí cuid ṁaiṫ caiḃidil agus díospóireaċta faoi seo ag an Comairle sa Róiṁ. Laḃair an Cairdinéal Santos as Manilla, i ḃfaḃar scríḃinn fá leiṫ ar Ṁuire. Ansin laḃair an Cairdinéal Coeniġ as Ḃienna, i ḃfaḃar an scríḃinn do Ṁuire agus don Eaglais le ċéile ag rá gurḃ í Muire figiúir ag tús na hEaglaise—ní aṁáin do Caiṫliciġ aċ do Ċríostaiṫe uiliġ. Ḃí luċt leanúna maiṫ de na hAiṫreaċa ar ċúl gaċ duine den ḃeirt Cairdinéal seo. Cuireaḋ ar ḃóta é ar an 29 Deire Fóṁair.

Le daṫad ḃóta sa ḃreis cinneaḋ ar Ṁuire agus an Eaglais a ċur san scríḃinn céanna. San díospóireaċt seo d'aḋṁaiġ siad uiliġ an ġnáṫ-ṫeagasc fá Ṁuire: Créatúir is ea Muire mar gaċ duine eile de ṡíol Aḋáṁa Ṡlánaiġ Críost í, mar ṡlánaiġ sé gaċ créatúir den cine daona. Aċ ṡlánaiġ sé Muire A Ṁáṫair, ar ḃóiġ speisialta ar leiṫ, dá coinneáilt—roiṁe réiḋ mar adeirfeá —saor ó **ṗeacaiḋ an tsinnsir** ⁊ agus ó ċuile smál peacaiḋ ariaṁ, mar d'ḟóir do n-a Ṁáṫair féin. Ní raiḃ sí ariaṁ faoi ċuṁaċt an diaḃail, mar ḃíomar uiliġ roiṁe ár mbáistiú. Ḃeannaiġ Aingeal Dé dí, mar lán de na grásta.

Ḃaill den Eaglais is ea í, aċ an baill is foirḃiṫe agus is áirde i ngrásta as i ngrá Dé.

Mar sin de ċaiṫfimíd cuiṁne i gcónaí gur créatúir Muire a ċruṫaiġ Dia na Glóire. Aċ créatúir coṁ h-iontaċ as ċoṁ cuṁaċtaċ sin naċ ḃfuil éinne eile mar í—mar dúirt file Béarla "Our tainted nature's solitary boast."

Máṫair Ċríost mac Dé is ea í agus sí Muire ár Ṁáṫair go fíor agus go spioradalta, os Eisean ár ndeárṫair. Sé Críost Ceann na hEaglaise agus sinne uiliġ na baill. Sí Muire Máṫair na hEaglaise, agus ár Máṫair go fíor, lán de ġrá dúinn. Fuair a Ṁac bás ar ár son agus d'ḟág Sé sinne go léir fá ċúram a Ṁáṫair ag bun na croiċe ar Calḃaire. Mar sin de, ní ṫiġ léi-se gan grá ṫar na bearta ḃeiṫ aici dúinn ag stráċailt leis an saol gránna seo.

Sin é díreaċ a ċuir an Pápa Pól in-iúl dúinn ag cur críoċ dó le seisiúin deirneaċ na Comairle 21-11-64. Dúirt sé go solamánta:

"Don Scéama ar an Ṁaiġdin Muire, táimíd ag súil leis an réiteaċ is fóirstiní do nádúir na Comairle seo, sé sin anois aḋṁáil ceanúil d'aonġuṫ fá'n áit priḃléideaċ ṫar ċáċ. Atá ag Muire san Eaglais — áit atá mar ṗríoṁ áḃar cainnte don Comairle seo; indiaiḋ Críost is ag Muire atá an áit is mórgá, ⁊ fosta an áit is coṁgaraí dúinne, sa ċruṫ go dtiġ linne í a onórú leis an teideal sin, Máṫair na hEaglaise do ċum Glóire Dé agus Ṁuire agus le tairḃe agus sólas dúinn féin. Mar sin de sí Máṫair na hEaglaise iomláine í —pobal Dé uile— tréada agus tréadaiṫe.

Tá grá mór ag an Pápa do Ṁuire agus is minic é ag caint uirṫi. Anuraiḋ fosta, ar Lá Ḟéile Muire Mór, 15 Lúnasa, ṫug sé seanṁór ar Ṁuire don pobal i gCaisleán Gondolfa.

Laḃair sé fá'n deaḃóid atá tuillte ag Muire uainn; "Cé'n fáṫ a dtugaimíd onóir dí?" Ċeistiġ sé. "Tá'n freagra an-furast. "Sé an Tiarna é féin a ṫug onóir dí i dtosaċ. Sí Muire Máṫair Ċríost." Ansin coṁairliġ sé don ṗobal gan Íosa agus Muire a scáraḋ ó ċéile ċoíċe. "Ḃíonn an lampa álainn." arsa seisean, "má ḃíonn an solas ann agus sé Críoċt, solas ann agus sé Críost, solas Ṁuire ná d'iompar sí agus ġein sí é. Má scáraimíd Muire ó Ċríost, ċailleann deaḃóid do Ṁuire a ceart maireaċtála."

Cuireann sin i gcuiṁne doṁ an rud adúirt an scríoḃnóir Caitliceaċ úd G. C. Chesterton uair aṁáin. Ḃí sé ag maċtnaṁ ar an leanḃ Íosa i mḃaċlainn Ṁuire nuair a scríoḃ sé síos: "Tá an dá ċloigeann naofa seo ró-ċoṁgaraċ dá céile, le go ḃféadfaí glóire a gcoróinn síorraí a scáraḋ ó ċéile."

Is ea, sí Muire ár h-Eadarṗuíteoir uile-ċuṁaċtaċ i láṫair Dé sna Flaiṫis. Ṫáiniġ sí i gcaḃair ar Eaglais Dé go mion minic nuair a ḃí sí i ngéar leanúint as i ngéar-ġá ag cuṁaċtaí mallaiṫe Ifrinn.

Ó aimsir Ṗádraiġ anuas tá na trí focail sin—"Muire Máṫair Dé". fiṫe fuaiṫe i gcómra, in urnaí as i mbeannaċtaí ár ndaoine. Sí Muire agus a paidrín a ċoinniġ an Creideaṁ agaṫe i mḂaile Áṫa Cliaṫ sa ḃliain 1932, an t-ainm álainn úd ar Ṁuire: 'Ḃainríon na hÉireann.'

Is ea, sí Muire, Máṫair Dé, ár máṫair agus ár mḃainríon. Tugaimís dí mar sin an omós, an onóir, an ṁuinín agus an seirḃís is dual do ṁáṫair as do ḃainrínn le linn na dliṫe peannaideaċta. Taispeánann seo an grá iontaċ do Ṁuire a d'ḟág Naoṁ Ṗádraiġ mar oiḋreaċt againn Gaeil. Níl iontas mar sin go dtug an Pápa Pius XI ag Coṁḋáil Idirnáisiúnta na Sacraiminríon. Cuirimís sinn féin faoi na tearman ċuile lá agus ċuile uair den lá. Ní ṫréigfiḋ sí éinne ċoíċe —anois nó ar uair ár mḃáis. Níl ḟios ag duine againn—agus go háirid na laeṫe seo — cá uair. cá háit, nó cá dtiocfaiḋ an scairt orainn don Ċuntas Mór? Aċ cinnte go dtiocfaiḋ sé lá éigin gur fios do Ḋia, agus is cinnte ċoṁ maiṫ gur go h-aonaraċ a raċaimíd i láṫair Dé, ár gCruṫaiṫeoir. Aċ tá Dia láidir agus Máṫair ṁaiṫ aige.

Níor ċualas ariaṁ gur ṫeip Muire ar éinne a ċur é féin faoi na ċúram. Aċ caiṫfimíd sin díreaċ a ḋéanaṁ, ċaiṫfimíd a caḃair a d'iarraiḋ. Caiṫfimíd aiṫris a ḋéanaṁ uirṫi agus ár dtoil a ċur le toil Dé. Is cuma caidé ṫarlóċas dúinn i riṫ ár saol. Ag Dia is fearr ḟios i gcónaí, mar ṫuig Muire ariaṁ Íosa, Muire agus Iosep bígí liom ar na uair mo ḃáis. Cuiṁnimís i gcónaí ar ḟocla an anoiṁ ṁór úd, an Curé d' Árs:

"Is aoiḃinn don té a ṁaireas agus a éagas, faoi ċosaint agus faoi ċoimirce na Maiġdine Ḃeannaiṫe Muire."

Taisbeántas

Mar ċuid den Fleaḋ Rinnce, bliantúil, a ḃéas ar siúl i mbliana ag Béal Áṫa Seanaiġ, ón 21ú Bealtaine go dtí an 23ú, beiḋ taispeántas gúnaí fáisiúnta faoi scáṫ Gaeltarra Éireann. Beiḋ mór-ṡiúl bannaí ceoil ċoṁ maiṫ agus taispeántas poiblí le cultaċa ar na ceiṫre gCúigí.